# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT

## AN CHUNTASAÍOCHT

# DRÉACHT-THREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT

## Aidhmeanna

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais ná cur le forbairt gach gné den duine, lena n-áirítear an fhorbairt aeistitiúil, chruthaíoch, chultúrtha, mhothúchánach, léiritheach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, i gcomhair an tsaoil phearsanta agus shaol an bhaile, i gcomhair shaol na hoibre, i gcomhair maireachtáil sa phobal agus i gcomhair fóillíochta.

2. Cuirtear cláir ardteistiméireachta i láthair laistigh den aidhm ghinearálta seo, le béim ar leith ar dhaltaí a ullmhú do riachtanais oideachais nó oiliúna breise, don fhostaíocht agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha fhiontraíocha.

3. Tá sé d'aidhm ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus gluaiseacht a sholáthar ó chlár an Teastais Shóisearaigh, le cothroime cheart idir forbairt phearsanta agus shóisialta (lena n-áirítear forbairt mhorálta agus spioradálta), staidéir ghairmoideachais agus ullmhúchán i gcomhair oideachais bhreise agus i gcomhair shaol an duine fhásta agus i gcomhair shaol na hoibre. D'fhéadfadh an t-ualúchán coibhneasta a thugtar do na gnéithe seo bheith éagsúil de réir an chláir áiríthe a bhfuiltear ag tabhairt faoi.

4. Tairgtear cláir óna leanann bronnadh Ardteistiméireachta i gceann amháin de thrí fhoirm:
   - (i) An Ardteistiméireacht
   - (ii) An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
   - (iii) Gairmchlár na hArdteistiméireachta

5. Cuireann gach clár Ardteistiméireachta béim ar an tábhacht a bhaineann le:
   - foghlaim fhéindírithe agus smaointeoireacht neamhspleách
   - meanma an fhiosraithe, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, féintuilleamaí, tionscnaíocht agus fiontraíocht

- ullmhú i gcomhair breisoideachais agus shaol an duine fhásta agus shaol na hoibre.

6. Tá sé d'aidhm ag Clár na Ardteistiméireachta:

- daltaí a chumasú a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach maidir lena bhfás pearsanta, sóisialta, intleachtúil agus gairme.
- daltaí a ullmhú dá ról mar shaoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha
- daltaí a ullmhú chun gluaiseacht ar aghaidh go dtí breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Cuireann sé ar fáil do dhaltaí oideachas leathan cothrom ach ceadaíonn sé beagán speisealtóireachta. Cuirtear siollabais ar fáil ar réimse leathan ábhar. Tairgtear gach ábhar Ardteistiméireachta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. De bhreis air sin, tairgtear an Mhatamaitic agus an Ghaeilge ag an mBonnleibhéal.

Is féidir feidhmíocht daltaí san Ardteistiméireacht a úsáid le haghaidh roghnúcháin sa bhreisoideachas, san fhostaíocht, san oiliúint agus san ardoideachas.

7. Clár scoite dhá bhliain is ea an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (AF) deartha do na daltaí úd nach mian leo dul ar aghaidh go díreach go dtí an t-oideachas tríú leibhéal nó dóibh siúd nach riarann na cláir Ardteistiméireachta eile go dóthanach ar a riachtanais, ar a mianaidhmeanna agus ar a n-inniúlachtaí.

Tá AF struchtúraithe timpeall trí phríomhghné atá idirghaolta agus idirspleách:-

- Ullmhúchán Gairme
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Buntréith ann is ea eispéiris oideachasúla atá, ina nádúr, gníomhach, praiticiúil agus daltalárnach

8. Tá sé d'aidhm ag Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GA), go háirithe;

- Spiorad na fiontraíochta agus na tionscnaíochta a chothú i ndaltaí
- Scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta na ndaltaí a fhorbairt.

Déanann daltaí GA staidéar ar chúig ábhar Ardteistiméireachta (ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal nó ag an mBonnleibhéal), lenaa n-áirítear an Ghaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpaí d'ábhair ghairme sainithe. Ní mór dóibh freisin cúrsa aitheanta i Nuatheanga Eorpach, seachas an Ghaeilge nó an Béarla, a ghlacadh.

Chomh maith leis sin, glacann daltaí trí Nascmhodúl a thugann comhtháiteacht churaclaim don GA.

# ÁBHAR

**Leathanach**

1. INTREOIR ......................................................... 7

2. Réimsí den seansiollabas a fágadh ar lár ............ 10

3. Réimsí nua a áirítear sa siollabas..................... 11

4. Treoirlínte Measúnachta .............................. 12

5. Struchtúr an tSiollabais .............................. 14

# RÉAMHRÁ

Tá iarrtha ag an Aire Oideachais ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú a dhéanamh ar na siollabais ábhair do chlár na hArdteistiméireachta i comhthéacs an chláir náisiúnta um leasú curaclaim atá ar siúl faoi láthair. Tá an próiseas athbhreithnithe seo á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Sé ábhar atá sa chéad chéim den athbhreithniú siollabais atá le cur i bhfeidhm i scoileanna i Meán Fómhair 1995, agus i gcomhair scrúdaithe in 1997 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Tá an t-athbhreithniú ar an Ardteistiméireacht á dhéanamh le tagairt faoi leith don ghá lena leanas:

- Leanúnachas agus gluaiseacht a chur ar fáil ó chlár an Teastais Shóisearaigh;
- Riar ar éagsúlacht na hinniúlachta agus na gnóthachtála i measc daltaí na Ardteistiméireachta trí chúrsaí oiriúnacha ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal, agus ag an mBonnleibhéal chomh maith i gcás na Gaeilge agus na Matamaitice;
- tabhairt faoi ghné an ghairmoideachais atá de dhlúth agus d’inneach sna hábhair éagsúla Ardteistiméireachta;

I gcomhair leis na siollabais, tá **Treoirlínte do Mhúinteoirí** forbartha, trí choistí cúrsa na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, mar áis do mhúinteoirí i gcur i bhfeidhm na gcúrsaí nua. Tá na treoirlínte seo ceaptha chun a bheith mar acmhainn bhuan do mhúinteoirí agus mar acmhainn le húsáid sa chlár forbartha inghairme do mhúinteoirí, arna urrú ag an Roinn Oideachasi.

Níl na treoirlínte seo saintreorach. Soláthraíonn siad moltaí do mhúinteoirí maidir le cleachtas múinteoireachta. Tugtar aird ar leith do ghnéithe an tsiollabais nua a bhféadfadh múinteoirí a bheith neamheolach orthu, i dtaca le damhna nó le modheolaíocht.

Tá na treoirlínte á gcomhfhoilsiú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ag an Roinn Oideachais.

Go háirithe, aithnítear ról Christy Tyrell (Oifigeach Oideachais don Chuntasaíocht sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) as ucht a chuid oibre i ndearadh agus i ndréachtú na dTreoirlínte don Chuntasaíocht.

# INTREOIR

Tá an siollabas Cuntasaíochta deartha chun riar ar réimse iomlán cumais agus gnóthachtála daltaí. Tagann sé in ionad an tsiollabais atá i bhfeidhm ó bhí 1969 ann. Tá topaicí níos nua-aimseartha ann in áit an ábhair go léir a bhí as dáta.

Bhain an seansiollabas go príomha le hairgeadas ach cuireann an siollabas nua níos mó béime ar an gcinnteoireacht agus ar fheidhmchláir ríomhaireachta, cé go gcoinníonn sé na tréithe ábhartha airgeadais.

Tá impleachtaí measúnachta ag baint leis an mbéim nua seo, i.e. tasc i bhfeidhmchláir ríomhaireachta. Mar sin féin, ní gá breithniú ar an tasc seo láithreach mar socraíodh go dtabharfar faoi staidéar féidearthachta sa dá bhliain seo romhainn sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Ar chríochnú an chúrsa tá sé inmhianta go mbeidh forbhreathnú tomhaiste ag an dalta ar an gcuntasaíocht. Cé nach bhfuiltear ag súil leis go mbeidh gach dalta ina chuntasóir, beidh na scileanna agus na próisis a fhoghlaimítear tríd an gcuntasaíocht úsáideach agus ábhartha i réimsí eile an tsaoil.

**Is iad aidhmeanna na dtreoirlínte seo ná:-**

- Cabhrú leis an múinteoir an siollabas a thuiscint
- A dhoimhne a phléitear le gach topaic a léiriú
- A léiriú conas a dhéanfar measúnú ar an siollabas.

Féadfaidh múinteoirí sa seomra ranga cibé cur chuige nó meascán cur chuige i leith an tsiollabais is mian leo a úsáid. Mar sin féin, is cuma cén cur chuige a úsáidtear, is cóir go ligfidh an modh teagaisc don dalta foghlaim trí dhéanamh.

Is cóir don chur chuige agus do na modhanna a úsáidtear chun an siollabas a theagasc múinteoirí agus daltaí araon a chumasú agus a spreagadh chun aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais a bhaint amach (cf. leathanach 4 den siollabas).

**Bhí Coiste Cúrsa Cuntasaíochta na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta airdeallach ar a leanas:**

- An gá le deiseanna réitithe fadhbanna a sholáthar don dalta.
- An mhian gnéithe uimhríochta an tseansiollabais a choinneáil.
- An gá le siollabas coitianta ar dhá leibhéal chun aidhmeanna agus cuspóirí an chúrsa a chomhlíonadh.
- An gá le cúrsa a struchtúrú a sholathraíonn gluaiseacht ó, agus forbairt ar, an ngnáthleibhéal agus an ardleibhéal a thairgtear sa Staidéar Gnó sa Teastas Sóisearach.
- Leibhéal agus aois daltaí tar éis an Teastais Shóisearaigh chun gluaiseacht ar aghaidh go dtí doimhne agus dúshlán atá oiriúnach don dá leibhéal.
- An gá le daltaí a ullmhú don bhreisoideachas chomh maith le saol na hoibre agus saol an duine fhásta.

Tá an siollabas deartha le daltaí ar chumais éagsúla san áireamh mar tuigtear gurb amhlaidh a theagasctar daltaí gnáthleibhéil agus daltaí ardleibhéil sa rang céanna ina lán scoileanna.

## 2. RÉIMSÍ DEN SEANSIOLLABAS A FÁGADH AR LÁR.

Cuntais Chomhfhiontair

Cistí Fiachmhúchta

Billí Malairte

Cuntais Choinsíneachta

Mórleabhair Fhéinchomhardaithe

Cuntais Eisiúna Scaireanna

Cuntais Bhrainse

Comhpháirtíochtaí

Ceannach agus Díol gnólachta

## 3. RÉIMSÍ NUA A ÁIRÍTEAR SA SIOLLABAS

Feidhmchláir Theicneolaíocht na Faisnéise agus Ríomhaireachta

Creatlach Choincheapúil na Cuntasaíochta

Creatlach Rialúcháin na Cuntasaíochta

Tuiscint ar Thuarascálacha Bliantúla Cuideachtaí Teoranta

Ráitis Sreabhadh Airgid

Cuntasaíocht Bhainistíochta

Cuntasaíocht Fhiontair Feirmeoireachta

Cáin Bhreisluacha, Cáin Chuideachta Shimplí, ÍMAT agus ÁSPC

## 4. TREOIRLÍNTE MEASÚNACHTA

Bunófar measúnú Cuntasaíochta ar mheasúnú na gcuspóirí liostaithe sa siollabas.

**4.1 Modhanna Measúnachta:**

- Scrúdú scríofa deiridh
- Tasc ríomhaireachta

Beidh scrúdú scríofa deiridh a mhairfidh trí uair an chloig ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal araon, le páipéar amháin i ngach leibhéal.

Tá tagairt déanta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don Roinn Oideachais i gcomhair comhairliúcháin bhreise, maidir le hábhar agus cruth na measúnachta don tasc ríomhaireachta.

### 4.2. Cineál Ceiste

Chun réimse na gcuspóirí measúnachta sa siollabas a scrúdú, úsáidfear cineálacha éagsúla ceiste. Beidh rogha ceisteanna ann sa dá leibhéal.

Beidh ceisteanna struchtúrtha ar pháipéir sa dá leibhéal, ceisteanna a ghluaisfidh ó uimhríocht go tráchtaireacht. Ceisteanna i stíl uimhríochta a bheidh ann de ghnáth, ag gluaiseacht ar aghaidh go dtí tráchtaireachtaí ar na torthaí i gcásanna áirithe.

| | |
|---|---|
| Tástálfaidh an scrúdú | scileanna uimheartha |
| | scileanna uimhríochta |
| | scileanna léirmhínithe |
| | scileanna anailíseacha |
| | scileanna a bhaineann le scríobh tuarascálacha |
| Ualú - | Ag an ngnáthleibhéal tabharfar ualú<br>don tuiscint agus don chur i bhfeidhm |

Ag an ardleibhéal tabharfar ualú níos mó do scileanna uimheartha níos casta agus do fhreagraí anailíseacha agus luachála

## 4.3 Idirdhealú idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

| | |
|---|---|
| Damhna Cúrsa: - | Scrúdóidh páipéar an ardleibhéil an réimse atá comónta sa dá leibhéal agus freisin na codanna sin den chúrsa atá deartha don ardleibhéal amháin. (AL) Tagróidh an páipéar ag an ngnáthleibhéal do na codanna sin den siollabas atá comónta don dá leibhéal amháin. |
| Doimhne cóireála: - | Beidh ar dhaltaí ag an ardleibhéal a léiriú go bhfuil eolas níos doimhne acu agus go bhfuil tuiscint níos doimhne acu ar na coincheapa agus ar na saincheisteanna chomh maith le hoilteacht níos mó i scileanna, i bhfeidhmeanna agus in anailísiú. |

# 5. STRUCHTÚR AN TSIOLLABAIS

## 5.1 CREATLACH CHOINCHEAPÚIL NA CUNTASAÍOCHTA (Rannán 8.1)

Chun go mbeaidh an chumarsáid éifeachtach, ní mór don fhaighteoir aon teachtaireacht a thuiscint. Sa Chuntasaíocht is féidir tuiscint níos fearr ar theachtaireacht na cuntasaíochta a fháil trí chleachtais aonfhoirmeacha chuntasaíochta a úsáid. Ionas go dtuigfear an teachtaireacht go haonfhoirmeach tá a cuid coincheap, gnás agus prionsabal féin forbartha ag an gCuntasaíocht a dtugtar breac-chuntas foirmiúil orthu in SSAP 2 a eisíodh in 1973.

Tugann an siollabas nua aitheantas foirmiúil dóibh seo agus cé nár luadh iad go sonrach sa seansiollabas chuir bunús na múinteoirí san áireamh iad ina gcláir theagaisc féin mar sin féin.

Féadfaidh múinteoirí a roghnú go gcuirfidh siad daltaí i láthair an réimse seo ag tús an chláir nó féadfaidh siad na coincheapa a chur san áireamh de réir mar a thagann siad chun cinn i rith chlár iomlán na Cuntasaíochta.

Is iad seo a leanas na réimsí ina scrúdófar daltaí:

- cineál agus cuspóir na creatlaí coincheapúla sa chuntasaíocht
- na cuspóirí le tuairisciú airgeadais
- úsáideoirí eolais ar chuntasaíocht airgeadais
- tréithe cáilíochtúla inmhianta an eolais chuntasaíochta, amhail ábharthacht, intaofacht, intuigtheacht agus inchomparáideacht.
- coincheapa, bunúis agus polasaithe na Cuntasaíochta
- coincheap an ghnóthais leantaigh
- coincheap an fhabhraithe
- coincheap na críonnachta
- coincheap an aonáin
- coincheap thomhaiste an airgid
- coincheap na hábharthachta
- coincheap an réadaithe
- prionsabail iontrála dúbáilte sa leabharchoimeád
- gnás thréimhse an chuntais

Is é an measúnú a dhéanfar ar an réimse seo ná ceist dhíreach theoiriciúil bunaithe ar an réimse a ndéantar breac-chuntas uirthi thuas nó mar chuid de cheisteanna eile i réimse an airgeadais.

## 5.2 CREATLACH RIALÚCHÁIN NA CUNTASAÍOCHTA (Rannán 8.2) (AL amháin)

Tá an rannán seo i gcomhair ardleibhéil amháin. Tagraíonn sé do chineál agus do chuspóirí rialúchán an tuairiscithe airgeadais

Is cóir go mbeidh tuiscint ag daltaí ar an timpeallacht tuairiscithe airgeadais a bhaineann le cuideachtaí. Bhí cruthanna éagsúla ar an rialúchán agus tháinig sé ó fhoinsí éagsúla. Cuimsíonn an téarma rialúchán imeachtaí an rialtais, an Aontais Eorpaigh, ghairm na cuntasaíochta agus an stocmhalartáin. Sainmhínítear an rialúchán mar chur i bhfeidhm srianta ar ullmhúchán, damhna agus cruth tuarascálacha airgeadais seachtracha agus is é an príomhchuspóir atá leis ná a chinntiú go ndéantar eolas cuntasaíochta a fháisnéisiú go cuí d'úsáideoirí seachtracha tuarascálacha airgeadais.

Rannán iomlán úr atá ann agus níl a leathbhreac sa seansiollabas. Ní gá na gnéithe seo a chur i láthair daltaí ag tús an chúrsa - go deimhin, is fiú go mór iad a fhágáil go dtí níos faide anonn sa dara bliain nuair a chuideoidh an méadú ar eolas agus ar aibíocht na ndaltaí le haon phlé ar na mór-shaincheisteanna agus na saincheisteanna reatha atá i gceist. Bheadh sé úsáideach dá mbeadh daltaí ar an eolas faoin réimse seo sula ndéanfadh siad staidéar ar Ráitis Sreabhadh Airgid agus Tuiscint ar Thuarascálacha Bliantúla Cuideachtaí Teoranta Poiblí.

### Na príomheagrais rialúcháin

❖ Rialúchán ag an rialtas

- Canglas reachtúil tuarascálacha deiridh a chur ar fáil agus a fhoilsiú
- Ceanglas cuntais a chomhdú
- Rangú cuideachtaí mar bheag, mar mheánach agus mar mhór
- Idirdhealú idir cuntais scairshealbhóirí agus cuntais atá le comhdú.

❖ Rialúchán ag an Aontas Eorpach

- Clár comhoiriúnaithe na cuntasaíochta
- Ról threoracha an AE

❖ Rialúchán ag gairm na cuntasaíochta

- Buntús an rialúcháin ag gairm na cuntasaíochta
- Ráitis eisithe ag gairm na cuntasaíochta - ráitis um chleachtas caighdeánach cuntasaíochta agus chaighdeáin tuairiscithe airgeadais

- Meicníocht le caighdeáin sa chuntasaíocht a leagan síos atá i bhfeidhm in Éirinn ó bhí 1990 ann.
- Caidrimh idir meicníochtaí le caighdeáin sa chuntasaíocht a leagan síos in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lenaa n-áirítear tuiscint ar ról na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, ar ról Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta, ar ról an Phainéil Athbhreithnithe agus ar ról an Tascfhórsa um Shaincheisteanna Práinneacha.

❖ Rialúchán ag an stocmhalartán

- Ceanglas ar chuideachtaí liostaithe cloí leis na Rialacha Liostaithe
- Feasacht gurb ann do cheanglais bhreise cuideachtaí liostaithe a nochtú, arb é an ceann is suntasaí an ceanglas tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil. (Níl gá le heolas ar fhoirm agus ar ábhar tuarascálacha eatramhacha)

## Léargas Fírinneach Cóir

❖ An bhrí le léargas fírinneach cóir
❖ Ceanglais go léireoidh tuarascálacha airgeadais léargas fírinneach cóir

## Ról an Iniúchóra

❖ Sainmhíniú ar an Iniúchadh
❖ Ceanglais reachtúla i gcomhair iniúchta
❖ Freagrachtaí an iniúchóra
❖ Neamhspleáchas an iniúchóra
❖ Tuairisc an iniúchóra (cé nach mbeidh ar dhaltaí tuairisc iniúchóra a ullmhú, is cóir dóibh bheith eolach ar fhoirm agus ar ábhar tuairisce neamhcháilithe)
❖ An t-iniúchóir agus calaois
❖ Tuairiscí iniúchta cáilithe (táthar ag súil leis go mbeidh daltaí eolach gurb ann do thuairiscí iniúchta cáilithe ach níl ceanglas orthu bheith eolach ar na cineálacha éagsúla cáilíochta)

## Monatóireacht ar chomhlíonadh rialachán um thuairisciú airgeadais

❖ Na nósanna imeachta chun caighdeáin cuntasaíochta a fhorfheidhmiú in Éirinn
❖ Ról an iniúchóra chun a chinntiú go gcomhlíonfar rialacháin um thuairisciú airgeadais

Is é an measúnú a dhéanfar ar an réimse seo ná ceist dhíreach theoiriciúil bunaithe ar na réimsí a ndéantar breac-chuntas uirthu thuas nó mar chuid de cheisteanna eile i réimse an airgeadais.

## 5.3 IONTRÁIL DHÚBÁILTE SA LEABHARCHOIMEÁD (Rannán 8.3.1)

Is cóir an rannán seo a chlúdach go cuí chun deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn níos moille a sheachaint. Tá eolas agus tuiscint ar chóras na hIontrála Dúbáilte ina ndúshraith bhunriachtanach don chúrsa seo. Tá sé riachtanach go háirithe sula dtugtar isteach Cuntais Rialúcháin, Cuntais Fhionraí, Cuntais Deiridh agus Clár Comhardaithe.

Is cóir a leanas go léir a chur i láthair na ndaltaí:

- Bundoiciméid - Sonrasc, Nóta Dochair agus Nóta Sochair
- Leabhair Lae (lena n-áirítear Leabhar Cúnta)
- Cuntais Airgid/Bhainc
- Breacadh ar Mhórleabhar
- Comhardú Trialach a asbhaint
- Na teorainneacha le Comhardú Trialach
- Idirdhealú idir Caipiteal agus Ioncam
- Tionchar earráidí ar Bhrabús Glan agus ar Chlár Comhardaithe
- Bunrialacha SSAP 5 CBL
- Íoc Mar A Thuillir
- Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta
- Fabhrú
- Réamhíocaíochtaí
- Soláthar in aghaidh Drochfhiach
- Drochfhiacha Aisghafa
- Dímheas (lian díreach agus iarmhéid laghdaitheach)
- Luachmhéadú/Athluacháil
- Ceannach agus Díol sócmhainní

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Tuiscint ar Iontráil dhúbáilte sa leabharchoimeád
- Iontrálacha Cuntais Mhórleabhair a Léimhíniú
- Iontráil Dhúbáilte a chur i bhfeidhm

De bhrí nach réimse nua atá ann beidh measúnacht uirthi bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag an Ardteistiméireacht.

## 5.4 RÁITEAS IMRÉITIGH BAINC (rannán 8.3.2)

Is é atá sa rannán seo ná cineál rialaithe trína gcuirtear leabhair an ghnólachta i gcomparáid agus a sheiceáil le taifid sheachtracha. Is cóir go mbeidh a fhios ag daltaí nach uirlis ghnó úsáideach amháin atá ann bheith eolach ar conas Ráiteas Imréitigh Bainc a ullmhú, ach tá sé ina chuidiú freisin d'aon duine a bhfuil cuntas reatha bainc aige.

Is cóir tuiscint mhaith a bheith ag daltaí ar chuntas bainc, ar leabhar cúnta agus ar leabhar lóisteála sula gcuirtear an próiseas imréitigh ina láthair. Is é is cuspóir leis an Ráiteas Imréitigh ná iarmhéid an Ráitis Bhainc a chomhaontú leis an iarmhéid a éiríonn as taifead an ghnólachta nó an duine de lóisteálacha agus íocaíochtaí a rinneadh ón gCuntas Bainc chomh maith le haon athrú is gá de dhroim an phróisis seo a chur i bhfeidhm.

Is cóir go gcuirfidh daltaí iontrálacha an Ráitis Bhainc (colún dochair) in éadan íocaíochtaí Leabhar Cúnta na seiceanna (iontrálacha sochair). Is cóir gach iontráil chomhfhreagrach a thiceáil ionas gur féidir iad siúd is cúis le difear sna figiúirí comhardaithe a aithint go furasta. Is cóir comparáid chomhchosúil a dhéanamh idir na hiontrálacha i gcolún sochair an Ráitis Bhainc agus na lóisteálacha déanta go dtí an Banc. Ní mór do dhaltaí a thuiscint iontráil nach bhfuil ticeáilte ina údar neamhréitigh. Is cóir go dtuigfidh siad agus go mbeidh siad in ann a leanas a aithint.

- Seiceanna gan íoc
- Lóisteálacha agus míreanna eile nach bhfuil breactha chun sochair ag an mBanc
- Míreanna atá le feiceáil sa Ráiteas Bainc nach bhfuil taifeadta ag an ngnólacht, e.g. ús, seicleabhar, táillí bainc, buanorduithe, dochair dhíreacha, aistrithe creidmheasa, seiceanna obtha, íocaíochtaí díreacha isteach sa Chuntas Bainc, díbhinní agus/nó ús a fuarthas.

Seachas an méid thuas is cóir dóibh bheith ar an airdeall maidir le cúiseanna eile neamhréitigh ag éirí as easnaimh, as earráidí suimiúcháin, as dealaithe nó as iontrálacha míchearta.

Is féidir cuidiú le tuiscint daltaí trí dea-nósanna oibre a fhorbairt in ullmhúchán Ráitis Imréitigh Bainc, nósanna mar seo a leanas:

1. Cuntas Bainc an ghnólachta a nuashonrú trí aon speansais neamhthaifeadta a iontráil (a bhreacadh do shocar) sa Leabhar Íocaíochta Seiceanna
2. aon fháltas a thaifeadadh (dochair) atá íoctha díreach isteach i gCuntas Bainc an ghnólachta

3. coigeartú i gcomhair aon mhí-áirimh.
4. an Ráiteas Imréitigh féin a ullmhú, nach n-áireofaidh ach na míreanna úd nach bhfuil taifeadta go fóill ag an mBanc e.g.
    - seiceanna neamhthairgthe
    - lóisteálacha nach bhfuil breactha do shochar
    - aon earráid déanta ag an mBanc.

De bhrí nach réimse nua atá ann beidh measúnacht uirthi bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag an Ardteistiméireacht.

## 5.5 CUNTAIS RIALÚCHÁIN (rannán 8.3.3)

Is é atá i rannán na gCuntas Rialúcháin sa siollabas ná próiseas seiceála an chórais iontrála dúbáilte. Pléann an rannán seo go sainiúil le seiceáil agus le ceartú mhórleabhair na bhféichiúnaithe agus na gcreidiúnaithe.

Bhí an réimse seo san áireamh sa seansiollabas agus tríd is tríd tá sé mar an gcéanna sa siollabas nua. Is fearr é a mhúineadh tar éis plé fairsing ar phróiseas na hiontrála dúbáilte Tá sé tábhachtach go mbeidh greim daingean ag daltaí ar chuntais fhéichiúnaithe agus chreidiúnaithe aonaracha i.e. cad iad na hiontrálacha atá iontu agus cá has a dtagann an t-eolas (leabhair na chéadiontrála).

Is cóir go dtuigfidh daltaí nach bhfuil i gCuntas Rialúcháin ach cuntas IOMLÁN i.e. Cuntas Iomlán Féiciúnaí. Is cóir dóibh a thuiscint chomh maith mar gheall ar iontrálacha i gCuntas Rialúcháin gurb ionann iad agus na hiontrálacha a bheadh i gcuntas féichiúnaí aonair agus gurb iad na figiúirí ná na hiomláin ón mórleabhar ainmniúil mar a bheadh siad agus tionchar acu ar chuntais an fhéichiúnaí/chreidiúnaí. Is é an cuspóir atá leis seo ná córas neamhspleách a bheith ann chun cruinneas na n-iontrálacha a sheiceáil sna cuntais faoi leith i Mórleabhar na bhféichiúnaithe. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh daltaí go bhfaightear na hiontrálacha sa Chuntas Rialúcháin ó na hiomláin sa mhórleabhar ainmniúil, ní ó shuim nó ó anailís iontrálacha aonaracha i gcuntais an fhéichiúnaí

Beidh measúnacht ar an réimse seo bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag an Ardteistiméireacht.

## 5.6 CUNTAIS FHIONRAÍ (rannán 8.3.4)

Baineann rannán na gCuntas Fionraí le ceartú na n-earráidí a thaifeadadh sa Leabhar Cúnta Ginearálta agus na hiontrálacha a bhreacadh sa mhórleabhar. Rud atá suntasach go háirithe is é an tionchar a leanann ó bheith ag ceartú earráidí ar an gCuntas Fionraí, ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus ar an gClár Comhardaithe. Bhí an topaic thábhachtach seo san áireamh sa seansiollabas agus tríd is tríd tá sé mar an gcéanna sa siollabas nua.

De dhroim bheith ag déanamh staidéir ar an réimse seo is cóir go mbeidh an dalta in ann:

- forbairt agus athneartú a dhéanamh ar scileanna cuntasaíochta a úsáidtear in aithint agus ina dhiaidh sin i gceartú na n-earráidí seo
- tuiscint a fháil ar na cineálacha earráidí is féidir teacht chun cinn i gcóras cuntasaíochta iontrála dúbáilte agus idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na hearráidí a thagann chun cinn de bharr comhardú trialach.
- tuiscint a fháil ar na teorainneacha le comhardú trialach
- bheith eolach ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuntas fionraí a dhíothú
- tuiscint a fháil ar an fheidhm atá le leabhar cúnta ginearálta agus an tábhacht a bhaineann leis an insint
- bheith eolach ar an tionchar is féidir bheith ag earráidí éagsúla ar bhrabús, ar ghlanfhiúchas agus ar chaipiteal in úsáid.
- tuiscint a fháil ar an gcaidreamh idir an leabhar cúnta ginearálta agus córas an mhórleabhair.

Sula gcuirtear an topaic seo ina láthair is cóir tuiscint mhaith a bheith ag daltaí ar phrionsabail na hiontrála dúbáilte, ar iarmhéid thrialach agus ar ráitis airgeadais.

Tá cur chuige mionsonraithe bunriachtanach, le tréan samplaí agus tógáil suas de réir a chéile go dtí ábhar níos deacra.

Is cóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh nuair atáthar ag múineadh na topaice seo.

- Nuair a bhreactar an méid ceart ar an taobh contráilte de chuntas, d'fhéadfadh deacracht a bheith ag cuid daltaí leis an ngá leis an méid a "dhúbláil" nuair atáthar ag ceartú na hearráide. Is cóir roinnt samplaí a úsáid chun an pointe seo a mhíniú agus a threisiú.

- Agus iad ag féacháil "Ráiteas Brabús Glan Ceartaithe (formáid ingearach)" bíonn a lán daltaí éiginnte cad iad na méideanna/cuntais atá le cur nó le baint. Is gá béim a chur air le daltaí gurb iad cuntais ioncaim amháin a bhfuil tionchar acu ar bhrabús glan agus má tá breacadh dochair

de mhéid áirithe i gceist le ceartú earráid ar leith, breactar dochar den mhéid seo sa ráiteas agus, ar ndóigh, vice versa i gcomhair iontráil sochair. Riail ghinearálta úsáideach is ea é seo.

- Is cóir a chur in iúl do dhaltaí go mbeidh ceartú ar an gClár Comhardaithe ag teastáil ó iontrálacha a bhfuil tionchar acu ar fíorchuntais nó ar chuntais phearsanta.
- Is cóir é a dhéanamh soiléir do dhaltaí, cé go bhfuil iarmhéid an chuntais fhionraí san áireamh i gcuntas sócmhainní nó speansais, ní chiallaíonn sé sin gur gá gur mír dhochair é an iarmhéid fionraí.

Bíonn a lán cleachtaí ag teastáil don topaic seo agus beidh ceisteanna Ardteistiméireachta ón seansiollabas úsáideach lena aghaidh seo. Déanfar an réimse seo a mheas ar aon dul leis an seansiollabas. Beidh ceisteanna cosúil leo siúd ar pháipéir Scrúdaithe na hArdteistiméireachta le déanaí, le roinnt gnéithe breise teoiriciúla.

## 5.7 TRÁDÁLAÍ AONAIR (Rannán 8.4)

Is é an Trádálaí Aonair an fhoirm aonaid ghnó is coitianta in Éirinn. Is é atá ann don chuid is mó ná gnólachtaí beaga/aonaid feirme le b'fhéidir beagán rannpháirtíochta teaghlaigh.

Tá na cúiseanna céanna ag an trádálaí aonair cuntais a choinneáil agus atá ag aonaid ghnó eile maidir le figiúirí brabúis/caillteanais a aithint i gcomhair úsáid seachtrach agus eolas bainistíochta i gcomhair úsáid inmheánach.

Bhí an rannán seo mar chuid den seansiollabas ach beidh an topaic nua ag daltaí a bhfuil an Teastas Sóisearach sa Staidéar Gnó déanta acu. Is é atá i gceist leis an mhír seo den chlár ná bonn daingean a chur faoi staidéar ar chuntais deiridh chuideachtaí, chlubanna, fheirmeacha, ghnólachtaí seirbhíse.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Nádúr an Trádálaí Aonair mar fhoirm ghnó a thuiscint
- Cuntais deiridh agus Clár Comhardaithe a ullmhú
- Brabús comhlán, brabús glan agus glanfhiúchas a thuiscint
- Tarraingtí agus Caipiteal a aithint agus plé leo.

## 5.8 CUNTASAÍOCHT CHUIDEACHTAÍ (rannán 8.5.1 agus 8.5.2)

Beidh ráitis airgeadais chuideachta curtha i láthair an chuid is mó de dhaltaí ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh sa Staidéar Gnó.

Sa rannán seo tá intreoir go dtí an ghluaiseacht nádúrtha trádálaí aonair go dtí múnla na cuideachta teoranta, ag díriú ar conas a leathnaítear rannán an fhiachais den Chlár Comhardaithe chun Scairchaipiteal a chlúdach - Gnáthchaipiteal agus Caipiteal Tosaíochta, Capiteal Cúltaca agus Caipiteal ó Iasacht. Clúdaítear cearta scairshealbhóirí a bhfuil cineálacha éagsúla scaireanna acu.

Luaitear nádúr agus cuspóir cúlchistí sa rannán seo agus tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag daltaí gurb ionann cúlchistí i gclár comhardaithe agus aitheantas ar rath san am a chuaigh thart agus ar chríonnacht maidir le neart a thógáil i gcomhair na ndúshlán ag teacht.

Cé gur iarmhéideanna sochair iad cúlchistí agus forálacha araon, tá difear suntasach eatarthu. Leithghabháil brabúis is ea cúlchiste ach déantar foráil i gcomhair fiachais nó cúinsí éigin a d'fhéadfadh sócmhainní na cuideachta a laghdú. Déantar foráil de ghnáth nuair nach bhfuiltear cinnte den toradh ach nuair atáthar ag súil le caillteanas éigin.

Tá eolas ar an gcineál caipitil ó iasacht is coitianta ag teastáil don rannán seo freisin. Cuirfear i láthair daltaí saincheisteanna a bhaineann le Scaireanna ar par agus ar biseach iníoctha go hiomlán. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara anseo **nach** mbeidh an tsaincheist, Scaireanna i gcéimeanna/i ngálaí ag teastáil.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais dhlíthiúla cuntais chuideachta a chur ar fáil.
- cuntais trádála, bhrabúis agus chaillteanais agus leithghabhála de chuid cuideachtaí teoranta a chur ar fáil i gcomhair cúiseanna inmheánacha.
- Cláir chomhardaithe chuideachtaí teoranta a ullmhú agus iad a chur ar fáil i bhformáid ingearach i gcomhair cúiseanna inmheánacha.
- Na caidrimh idir na ceannteidil éagsúla i ráitis airgeadais a fheiceáil agus a thuiscint.

Go hachomair, beidh ar dhaltaí ráitis airgeadais chuideachtaí teoranta a ullmhú, ag baint úsáide as an bhformáid chéanna a bhí ag teastáil faoin seansiollabas. San áireamh in ullmhú na gcuntas seo beidh cuntasaíocht i gcomhair ceartuithe, lena n-áirítear athluacháil, díbhinní agus cáin. Fíorthoisc is ea an cháin i gcuntais deiridh. Asbhaint thábhachtach atá ann roimh anailís

ar thorthaí. Is é atá ag teastáil anseo ná cumas méid na cánach don bhliain a ríomhadh ó na sonraí tugtha agus conas a phléitear leo sna ráitis airgeadais.

Beidh ceist a haon mar a bhí roimhe agus d'fhéadfadh mír ghairid a bhaineann le teoiric ghaolmhar a bheith inti.

## 5.9 TUISCINT AR THUARASCÁLACHA BLIANTÚLA CUIDEACHTAÍ TEORANTA POIBLÍ (rannán 8.5.3) (AL amháin)

Tá an rannán seo den siollabas i gcomhair **Ardleibhéil amháin**. Cuireann sé i láthair na ndaltaí na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí maidir le ráitis airgeadais Chuideachtaí Teoranta a chur ar fáil ar bhealach níos leitheadaí ná na gnéithe ar leith a chlúdaítear i gcomhair cúiseanna inmheánacha. Go ginearálta, éilíonn an rannán seo ar dhaltaí tuiscint a bheith acu ar na ceanglais dhlíthiúla atá ar chuideachtaí teoranta cuntais chuideachta a chur ar fáil agus na ceanglais seo a thuiscint.

Cuirtear i láthair cearta agus dualgais stiúrthóirí agus iniúchóirí den chéad uair. Beidh daltaí eolach ar na ceanglais dhlíthiúla atá ar chuideachtaí teoranta poiblí cuntais deiridh a chur ar fáil ag úsáid na formáide oibre ingearaí (formáid 1). Cuirfear ina láthair freisin ullmhú cuntas simplí foilsithe ó shonraí/chuntais tugtha.

Moltar go dtuigfeadh daltaí ráitis airgeadais inmheánacha, ráitis sreabhadh airgeadais (rannán 8.8) agus anailís chóimheasa (rannán 8.9) sula dtosaítear ar an rannán seo.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- eolas a léiriú ar na ceanglais dhlíthiúla atá ar chuideachtaí teoranta poiblí cuntais chuideachta a chur ar fáil.
- tuiscint a léiriú ar na feidhmeanna agus na dualgais atá ag stiúrthóirí agus ag iniúchóirí cuideachta. Beifear ag súil leis ó dhaltaí damhna thuarascáil na stiúrthóirí agus thuarascáil na n-inniúchóirí araon a liostú agus **ní** bheidh orthu bheith eolach ar dhamhna tuarascálacha cathaoirligh.
- an difear a thuiscint idir cuntais a ullmhaítear le haghaidh úsáid inmheánach agus le haghaidh a bhfoilsithe.
- tuiscint a léiriú ar thuarascálacha foilsithe cuideachta
- cuntas simplí brabúis agus caillteanais agus clár comhardaithe a ullmhú ó chuntais inmheánacha no ó iarmhéid thrialach (formáid 1). Is cóir go mbeidh daltaí eolach ar na

príomhmhíreanna a nochtar i nótaí sna cuntais fhoilsithe agus go mbeidh siad in ann líon teoranta nótaí a ullmhú.

- tuarascála bliantúla foilsithe cuideachta teoranta poiblí a phlé agus tráchtaireacht a dhéanamh orthu, agus eolas a léiriú ar na tionchair éagsúla a imrítear ar na caipéisí seo agus tráchtaireacht a dhéanamh orthu.

## 5.10 CUNTAIS DHÉANTÚSÓIREACHTA (rannán 8.6.1)

Sa tuiscint gurb é an cuspóir atá le cuntas déantúsóireachta a ullmhú ná a fháil amach cén costas atá ar tháirge a dhéantúsú agus sin a chur i gcomparáid leis an rogha eile, é a cheannach ón taobh amuigh, tá sé tábhachtach béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le costas táirgíochta an aonaid.

De bhrí nach réimse nua atá ann beidh measúnacht uirthi bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag an Ardteistiméireacht le cleachtaí breise ar na cuntais ullmhaithe.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Cuntas déantúsaíochta a ullmhú ó shonraí tugtha
- Teacht ar chostas aonaid táirgíochta
- Cinntí bainistíochta a dhéanamh bunaithe ar a bhfuil thuas.

## 5.11 STOC (rannán 8.6.2)

Is cóir luacháil stoic a shrianú go dtí bunphrionsabail an chaighdeáin chuí.

Bíonn tionchar ag luacháil mhícheart stoic ar bhrabús comhlán agus ar bhrabús glan agus, dá réir, ar fhiachas cánach, an bharúil ar an ngnólacht sa saol airgeadais agus mar sin an cumas iasacht a fháil, ar bharúil an phobail agus mar sin ar phraghas scaireanna. Agus anailís chóimheasa á déanamh ar chuntais bhliantúla an ghnólachta, beidh aon áireamh lena mbaineann stoc (nó sócmhainní reatha) nó brabús glan míchruinn.

Tugann an uasmharcáil sa tionscadal tomhais luachmhar d'aon ghnólacht atá ann. Tá uasmharcáil nach ionann leis an ngáth-uasmharcáil ina cúis imní agus ba chóir dá barr iniúchadh láithreach a bheith ann chun an fáth a lorg ionas gur féidir gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Socraíonn láimhdeachas stoic nó a mhinice a thrádálann gnólacht a chuid earraí sa bhliain méid iomlán an bhrabúis, mar sin mar is mó mar is fearr. Go ginearálta is gá láimhdeachas ard a mheascadh le corrlach brabúis íseal agus láimhdeachas íseal le corrlach

brabúis ard. Le linn meathlú eacnamaíoch tagann corrlaigh bhrabúis faoi bhrú mór nuair a bhíonn trádálaithe ag iarraidh sreabhadh airgid a choinneáil.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Tuiscint ar an tábhacht le luacháil chruinn stoic agus na himpleachtaí a bhaineann lena luacháil go míchruinn.

## 5.12 CUNTAIS CHLUBANNA AGUS CUNTAIS GHNÓLACHTAÍ SEIRBHÍSE (rannán 8.6.3)

Ar chríochnú an rannáin seo dóibh, is cóir go mbeidh daltaí muiníneach le tabhairt faoi ról cisteora club in aon chlub áitiúil nó in aon eagraíocht charthanachta.

Bheadh tuiscint ar chaipiteal agus ioncam, ar chuntais shimplí rialúcháin agus ar ráitis airgeadais trádálaí aonair, bheadh siad cuidiúil sula gcuirtear an topaic seo i láthair an dalta.

Sna chéad chéimeanna tá sé úsáideach breathnú ar chuntais eagraíochtaí éagsúla sa cheantar áitiúil ionas go mbeidh daltaí eolach ar na cineálacha éagsúla ioncaim agus caiteachais agus ar leibhéil éagsúla gníomhaíochta. Cibé méid atá ag eagraíocht, is iad na scileanna céanna atá ag teastáil ó chisteoir. Ag céim níos faide anonn is féidir filleadh ar na cuntais chéanna seo chun iad a anailísiú ar bhealach níos criticiúla.

Bíonn ról an chisteora scríofa isteach i mbunreacht eagraíochta de ghnáth agus sainmhínítear é de ghnáth i dtéarmaí freagrachta don choiste agus do bhaill.

- Ar son gach airgead a fhaightear agus íocaíochtaí a dhéantar ar son an chlub
- Gach cuntas den chineál sin agus atá riachtanach a choinneáil chun eolas iomlán cothrom le dáta a chur ar fáil ar shuíomh airgeadais an chlub. Más gá is cóir go mbeidh an cisteoir in ann córas cuí a chur ar bun ionas gur féidir doiciméid fhoinseacha a bheith ar fáil i gcomhair taifid.
- Cuntas Fáltais agus Íocaíochta, cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Clár Comhardaithe a ullmhú

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh an cisteoir agus oifigigh eile go soiléir an fhreagracht atá orthu as fiachais airgeadais an chlub. Is é an cisteoir an príomhdhuine a choinníonn leas ginearálta airgeadais i gclub ar bith agus is cóir go mbeidh sé réidh le comhairle feasach ar gach ní a bhaineann le hairgeadas, lena n-áirítear foinsí airgeadais sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse

ag cruinnithe coiste agus ag cruinnithe ginearálta. Agus é ag coinneáil súile ar gach caiteachas, tá sé tábhachtach go gcuirfidh an cisteoir san áireamh i gcónaí an chúis lenar bunaíodh an club agus gan bac a chur ar a fhorbairt fhadtéarmach trí chur chuige rófhaicheallach a bheith aige i leith an chaiteachais.

Is gá tuiscint shoiléir a bheith aige ar na cineálacha éagsúla ioncaim agus caiteachais i gclub. D'fhéadfadh a leanas a bheith san áireamh; suibscríbhinní, suibscríbhinní saoil, deontais, tobhaigh, buanna crannchuir, chéadtáillí iontrála, aiscí agus táillí cleamhnachta chomh maith leis na costais agus gnóthachtála is gnáiche a bhíonn ag gnólachtaí. Is cóir ceartuithe i gcomhair réamhíocaíochtaí agus fabhruithe bheith san áireamh. Nuair atá fáltais agus íocaíochtaí i gceist le himeachtaí club tá sé inmhianta go mbeidh an brabús/caillteanas glan atá ann dá thoradh le feiceáil sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Nuair atá club i mbun gníomhaíocht trádála, amhail beár, is cóir cuntas trádála a ullmhú agus an brabús/caillteanas a aistriú go dtí an cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

In amanna coinníonn gnólachtaí amhail gruagadóirí, táilliúirí, glantóirí ar conradh, lónadóirí agus eagraíochtaí neamhthrádála eile cuntais atá comhchosúil le cuntais chlubanna. Ní bhíonn cuntas Trádála ag teastáil uathu de bhrí nach bhfuil siad i mbun ceannach agus díol earraí. Tagann a n-ioncam ó na táillí a ghearrann siad as seirbhísí a thugann siad. Mar sin féin, is cóir a thabhairt faoi deara go bhfuil gnólachtaí seirbhíse lán chomh dóchúil cuntais Bhrabúis agus Chaillteanais a ullmhú ós rud é gurb é a gcuspóir brabús a thuilleadh.

De bhrí nach réimse nua atá ann beidh measúnacht bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag páipéir scrúdaithe Ardteistiméireachta le gnéithe breise teoirice.

## 5.13. CUNTAIS ROINNE (rannán 8.6.4)

Is cóir go mbeidh staidéar déanta ag daltaí ar chuntais deiridh trádálaí aonair agus, b'fhéidir, chuideachta, agus go mbeidh siad eolach orthu, sula dtosaíonn siad ar an topaic seo.

Agus an topaic seo á teagasc d'fhéadfadh an cur chuige seo a leanas bheith éifeachtach:

- Mínigh i dtéarmaí simplí, ag úsáid samplaí aithnidiúla, na buntáistí a bhaineann le anailís airgeadais a dhéanamh ar ranna ar leith. Léirigh seo le tagairt do shamplaí de shiopaí ilranna.

- Ag úsáid osteilgeora agus bileog, léirigh an leagan amach ceart do chuntais roinne.

- Atreisigh arís cuspóir na gcuntas seo. Cuir béim go háirithe air go bhfuil an leagan amach atá ar chuntais deiridh mar an gcéanna ach amháin go dtugtar isteach na coúin éagsúla do na ranna éagsúla.
- Is cosúil go mbíonn deacrachtaí ag daltaí socrú ar bhunús le costais a chionroinnt. Ní mór an réimse seo a mhíniú agus a atreisiú le samplaí.

Beidh measúnú sa réimse seo ar aon dul le seancheisteanna Ardteistiméireachta. Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- costais agus gnóthachtála a leithdháileadh ar bhealach inghlactha
- cuntais deiridh roinne a ullmhú
- plé le haistriúcháin idir-rannach (ag costas amháin)
- na cuntais a anailísiú
- comhairle a thabhairt ar fheidhmíocht gach roinne agus cinntí bainistíochta a mholadh bunaithe ar na figiúirí.

## 5.13 CUNTAIS FHEIRME (rannán 8.6.5)

Gnó atá i bhfeirm agus is cóir, mar sin, do gach feirmeoir cuntais chearta a choinneáil. Coinnítear cuntais fheirme ar na cúiseanna seo a leanas:

- chun fiachas cáin ioncaim a dheimhniú
- chun críche iasachtaí bainc a fháil
- chun tacú le hiarratas ar dheontais rialtais agus AE
- chun cinntí bainistíochta a dhéanamh.

Chun na gcríoch seo is cóir do ghnólachtaí feirme na cuntais seo a ullmhú:

- Cuntais Fáltais agus Íocaíochta
- Cuntais Anailíse Fhiontair
- Cuntais ghinearálta Bhrabúis agus Ciaillteanais agus Clár Comhardaithe

Déanann an chuid is mó d'fheirmeoirí sainfheidhmiú ar chineál amháin nó níos mó fiontar e.g. feirmeoireacht déiríochta, mhairteola, fia, churaíochta, chaorach, mhuc, éanlaithe. Is gá, mar sin, in ullmhú cuntas feirme, leabhar airgid anailísithe a choinneáil, mar is féidir fáltais agus íocaíochtaí a thaifeadadh faoi na ceanntidil do gach fiontar agus fo-cheanntidil laistigh de gach fiontar.

Is iad Cuntais Anailíse Fiontair ná cuntas trádála, brabúis agus caillteanais i gcomhair fiontair ar leith. Aistrítear an iarmhéid, an Brabús Comhlán, go dtí an Cuntas Ginearálta Trádála. D'fhéadfadh sé gur gá roinnt costas a chionroinnt e.g. tuarastail ghinearálta (thabharfaí an t-eolas seo).

Glactar na figiúirí a úsáidtear sa Chuntas Anailíse Fiontair ó na hiomláin i gcolún na bhfáltas agus na n-íocaíochaí. Is féidir an cuntas anailíse fiontair a ullmhú ar aon dul le Cuntas Deiridh Roinne le colúin sna cuntais do gach aon fhiontar chomh maith leis an mbrabús nó leis an gcaillteanas foriomlán nó is féidir an brabús ó gach fiontar a aistriú go dtí Cuntas Ginearálta Trádála. Is féidir Clár Comhardaithe a ullmhú ar an mbealach céanna agus a dhéantar le gnólacht.

D'fhéirmeoirí a bhfuil a ngíomhaíocht srianta go dtí an t-aon chineál amháin fiontair ullmhaítear Cuntas Trádála Brabúis agus Caillteanais ar aon dul le haon ghnó eile.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- cuntais Fáltais agus Íocaíochta a ullmhú
- cuntais Anailíse Fhiontair a ullmhú
- stoc a luacháil mar a threoraítear i gceist
- cuntas trádála Brabúis agus Caillteanais agus Clár Comhardaithe a ullmhú
- na cuntais agus brabúsacht gach fiontair a anailísiú i bhfianaise an eolais a nochtar sna cuntais
- cinntí bainistíochta a dhéanamh bunaithe ar na figiúirí a chuirtear ar fáil sna cuntais

## 5.14 TAIFID NEAMHCHRÍOCHNAITHE (rannán 8.7)

Cuid mhór den ualach oibre ar ghnólachtaí cuntasaíochta sa chleachtas príobháideach in Éirinn is ea cuntais a ullmhú i gcomhair cánach nó cúiseanna eile ó thaifid neamhchríochnaithe Dá bhrí seo, bhí an topaic thábhachtach seo san áireamh sa seansiollabas agus coinnítear í sa siollabas nua. Tá an chuid is mó de na gnólachtaí a úsáideann iontráil shingil i gcatagóir na dtrádálaithe aonair. Dá réir sin, leanfar ag cur ceisteanna ar an topaic seo i gcomhthéacs gnó trádálaí aonair.

Tá tuiscint ar chuntais rialúcháin, ar chaipiteal agus ioncam, ar tharraingtí agus ar ráitis airgeadais trádálaí aonair, tá sí inmhianta sula gcuirtear an rannán seo den siollabas i láthair.

Laistigh den siollabas nua tá trí chur chuige ag teastáil i leith cuntais/ráitis bhrabúis a ullmhú agus a chur i láthair ó thaifid neamhchríochnaithe.

Cuirtear síos ar na modhanna seo sa siollabas nua mar seo a leanas:

- Modh an Chuntais Rialúcháin
- Modh an Ghlanfhiúchais
- Modh na hUasmharcála, an Chorrlaigh agus an Chóimheasa (**AL amháin**)

Cuirfear scrúdú ar dhaltaí Gnáthleibhéil ar mhodhanna an ghlanfhiúchas agus an chuntais rialúcháin amháin mar is amhlaidh faoi láthair. Scrúdófar ceisteanna a bhaineann le huasmharcáil, corrlach agus cóimheas ag an Ardleibhéal amháin.

Is é an t-aon riachtanas breise a bheidh ann don rannán seo den siollabas ná tuiscint ar na húsáidí agus na míbhuntáistí a bhaineann le taifid neamhchríochnaithe go ginearálta agus tuiscint ar an bpróiseas a úsáidtear chun na figiúirí a fháil agus a dheimhniú.

Scrúdófar an topaic seo ar an mbonn céanna a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Beidh rannán gairid “teoirice” i gcuid ceisteanna a chlúdóidh na cúiseanna go dtagann taifid neamhchríochnaithe chun cinn.

## 5.16. RÁITIS SREABHADH AIRGID (rannán 8.8)

An tábhacht a bhaineann le ráitis sreabhadh airgid

Éilíonn gairm na cuntasaíochta ar chuideachtaí ráiteas sreabhadh airgid a ullmhú a ligeann d’úsáideoirí cuntais leachtacht, inmharthanacht agus inoiriúnaitheacht airgeadais na cuideachta a mheas. Taispeánann an ráiteas sreabhadh airgid na sreabhaidh airgid a ghineann agus a ionsúnn gníomhaíochtaí na cuideachta faoi cheanntidil chaighdeánacha atá éilithe ag Ráitis Sreabhadh Airgid Chaighdeán 1 Tuairiscithe Airgeadais.

Idirdhealú idir brabús agus airgead tirim

- An bhrí le hairgead tirim - sainmhínítear airgead tirim mar airgead ar láimh agus taiscí atá in-aisíoctha ar éileamh lúide rótharraingtí bainc (ní gá eolas ar choibhéisí airgid thirim).
- Tuiscint ar an idirdhealú idir brabús agus airgead tirim
- Cuiseanna gur féidir nach spreagfaidh méadú brabúis méadú comhchosúil in airgead tirim sa tréimhse reatha.

Idirdhealú idir míreanna lena mbaineann aistriú airgead tirim agus míreanna nach mbaineann sé leo.

- Tionchar na míreanna seo ar shreabhaidh airgid
- Plé na míreanna seo sa ráiteas sreabhadh airgid

Príomhfhoinsí insreabhadh airgid

- Brabúis
- Fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta
- Tabhairt isteach caipitil
- Fáltas iasachtaí
- Ioncam ó infheistíocht

Príomhfhoinsí as-sreabhadh airgid

- Caillteanais
- Ceannach sócmhainní seasta
- Aisíoc iasachtaí
- Íocaíochtaí díbhinní
- Íocaíochtaí cánach

Ullmhúchán ráitis sreabhadh airgid

- Ráitis shimplí sreabhadh airgid do chuideachtaí nó do thrádálaithe aonair ag úsáid an mhodha indírigh
- Aithint sreabhadh airgid trí scrúdú ar chláir chomhardaithe tosaigh agus deiridh, ar eolas cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus ar eolas ábhartha breise eile
- Ullmhú cuntas mhórleabhair (nó oibríochtaí cuí eile) i gcomhair cánach, díbhinní agus sócmhainní seasta chun na sreabhaidh airgid chomhcheangailte a dhíorthú. D'fhéadfadh cuntais mhóleabhair a bheith riachtanach chomh maith chun an muirear dímheasa, brabús nó caillteanas ar dhiúscairt sócmhainne seasta a dhíorthú.
- Ceartú brabús/caillteanas oibriúcháin trí mhíreanna nach mbaineann áistriú airgid leo agus i gcomhair athruithe maidir le féichiúnaithe, stoic agus creidiúnaithe chun an sreabhadh airgid a dhíorthú ó gníomhaíocht oibriúcháin.
- Sreabhaidh airgid a ghrúpáil faoin cheannteidil FRS 1
    - Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
    - Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú maoinithe
    - Cáin
    - Gníomhaíochtaí Infheistíochta
    - Maoiniú

Ní éilítear nótaí don ráiteas sreabhadh airgid ach táthar ag súil leis go mbeidh daltaí in ann na ceartuithe a léiriú ar bhrabús oibriúcháin chun teacht ar shreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

Léirmhíniú ar ráitis sreabhadh airgid (**AL amháin**)

- A thuiscint cé chomh húsáideach is atá ráiteas sreabhadh airgid
- Ullmhú tuairiscí a dhéanann anailís ar staid airgeadais cuideachta mar a nochtaíonn an ráiteas sreabhadh airgid agus tráchtaireacht a dhéanamh air sin.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le ráitis/sonraí sreabhadh airgid
- An difear idir airgead tirim agus brabús a mhíniú
- Míreanna nach mbaineann le haistriú airgid thirim a aithint agus plé leo
- Foinsí insreabhadh agus as-sreabhadh airgid a aithint agus a rangú
- Ráiteas simplí sreabhadh airgid a ullmhú ag úsáid an mhodha indírigh
- Comhairle a thabhairt don lucht bainistíochta ar staid airgeadais na heagraíochta ag úsáid ráitis sreabhadh airgid (**AL amháin**)

### 5.17 ANAILÍS AGUS LÉIRMHÍNIÚ AR RÁITIS AIRGEADAIS

**(rannán 8.9)**

Baineann an rannán seo den siollabas le hanailís agus le léirmhíniú ar ráitis airgeadais. Bhí an rannán seo mar chuid den seansiollabas.

Beidh ar an dalta staidéar a dhéanamh ar an réimse seo a leanas, agus tuiscint a bheith aige air:

- Cuspóir Anailíse agus Léirmhínithe ar Ráitis Airgeadais
- Cuspóir na hanailíse agus an léirmhínithe
- Sainmhíniú, Ríomhadh agus Ról Cóimheas Cuntasaíochta
- Úsáideoirí agus a spéis agus a riachtanais eolais i gCóimheasa Cuntasaíochta
    - Infheisteoirí agus Comhairleoirí Airgeadais
    - Creidiúnaithe Iasachta
    - Lucht bainistíochta
    - Custaiméirí
    - Soláthraithe
    - Fostaitheoirí agus Ceardchumainn
    - An Rialtas agus a Ghníomhaireachtaí
    - An Pobal
- Feasacht ar theorainneacha na hAnailíse Cóimheasa
    - Luach teoranta eolais
    - Neamhréireachtaí i dtomhas na bhfigiúirí a úsáidtear sa chóimheas
    - Fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí dea-chosúlachta
    - Impleachtaí a bhaineann le luaineacht shéasúrach
    - Easnaimh a bhaineann le bearta costais stairiúla a úsáidtear i gcómheasa
- Cóimheasa Brabúsachta agus Éifeachtúlachta
    - toradh ar chaipiteal a úsáidtear
    - corrlach comhlán
    - glanchorrlach
    - costais le díolacháin
    - díolacháin sócmhainní seasta
    - díolacháin  sócmhainní reatha
    - díolacháin lglan-shócmhainní reatha
    - fostaíocht (brabús in aghaidh an fhostaí, díolacháin in aghaidh an fhostaí)
- Cóimheasa Caipitil Oibre
    - láimhdeachas stoic
    - tréimhse bhailiúcháin fhéichiúnaithe
    - tréimhse bhailiúcháin chreidiúnaithe

- Cóimheasa Leachtachta/Shócmhainneachta
  - cóimheasa reatha
  - fíorthástáil/cóimheas sócmhainní tapa
- Cóimheasa Giarála
  - caipiteal úis sheasta go caipiteal iomlán
  - caipiteal úis sheasta go caipiteal cothromais
  - clúdach úis
- Cóimheasa Infheistíochta
  - tuillimh in aghaidh na scaire
  - díbhinn in aghaidh na scaire
  - cóimheas tuilleamh praghais
  - toradh díbhinne
  - cumhdach díbhinne
  - cóimheas íocaíochta díbhinne
- Torthaí Anailíse Cóimheasa a Léirmhíniú
  - Tráchtaireacht ar bhrabúsacht, ar éifeachtúlacht, ar leachtacht, ar inmharthanacht, ar bhainistíocht caipitil oibre agus ar struchtúr capitil na cuideachta
  - Na réimsí ina bhfuil fadhbanna a aithint (róthrádáil, róchaipitliú), ag cur béime ar na cúiseanna leo agus ag moladh réitigh fhéideartha.
- Cur i láthair Tuarascálacha (**AL amháin**)
  - Comparáidí idirthréimhseacha, lena mbaineann comparáidí le feidhmíocht agus le buiséid na cuideachta san am a chuaidh thart
  - Comparáidí idirchuideachta, lena mbaineann comparáidí le cuideachtaí comhchosúla agus le meáin an tionscadail

Beidh measúnacht ar an réimse bunaithe ar an bpatrún agus ar na múnlaí atá leagtha síos cheana ag an Ardteistiméireacht.

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:

- Ról agus teorainneacha na hanailíse cóimheasa a thuiscint
- Cóimheasa agus céatadáin a áireamh
- Tráchtaireacht a dhéanamh ar chóimheasa
- Tuairiscí a scríobh (i bhfoirm tuairisce) ag trácht ar na láidreachtaí agus na laigí airgeadais ag oibríochtaí trádála comhlachta agus ar bhainistíocht airgeadais caipitil oibre agus cistí fadtréimhseacha (**AL amháin**)

## 5.18 CUNTASAÍOCHT BHAINISTÍOCHTA (rannán 8.10)

Is iad an dá fheidhm thábhachtacha atá le bainistíocht ná pleanáil agus rialúchán. Is pleanáil é an próiseas a bhaineann le spriocanna a leagan amach agus bealaí a fhorbairt chun iad a bhaint amach. Áiríonn sí próiseas tábhachtach an bhuiséadaithe, is é sin spriocanna a cheangal leis na hacmhainní sainithe chun iad a bhaint amach. Is stiúir é a shocrú an bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus, mura bhfuil, cad is féidir a dhéanamh.

Cuntasaíocht Bhainistíochta an téarma a úsáidtear síos tríd an rannán seo chun costáil táirgí agus pleanáil agus rialúchán buiséid a chur san áireamh. Clúdaíodh costáil sa seansiollabas go dtí pointe áirithe i nDéantúsaíocht agus i gCuntais Roinne agus i luacháil stoic neamhdhíolta i gCuntais Choinsíneachta.

Go ginearálta, pléann an rannán seo den siollabas le heagraíochtaí déantúsaíochta. Ní bhaineann sé le conradh, próiseas nó costáil seirbhísí. Díríonn an siollabas ar chostáil Jab/Baisce mar a ndéantar táirgí ar ordú nó i gcomhair stoic. Tá béim ar Chostáil Táirge, meá ar mheá agus anailísí “céard faoi?”. Áirítear an próiseas a bhaineann le teacht ar bhuiséid/mheastacháin agus iad a chur i gcomparáid le fíorthorthaí, ach ní cuid den siollabas “Costais Chaigheánacha agus athraitheas”.

Bheadh sé ina chuidiú dá mbeadh eolas fónta ag daltaí ar chuntais deiridh sula gcuirtear Cuntasaíocht Bhainistíocht ina láthair. Tá taithí áirithe ar anailís cóimheasa agus ar ráitis sreabhadh airgid inmhianta freisin.

D’fhéadfadh réamhobair ar réimsí amhail cuntais déantúsaíochta agus cuntais stoic agus roinne a fhorluíonn le Cuntasaíocht Chostais/Bhainistíocht, d’fhéadfadh an réamhobair sin bheith ina hintreoir éifeachtach ar an rannán seo.  Go deimhin, d’fhéadfaí roinnt de na topaicí atá san áireamh sa rannán ar Chuntasaíocht Bhainistíocht a thabhairt isteach go héasca sna rannáin seo is luaithe. Mar shampla, is féidir gnéithe de chostáil táirge a chur de láimh go héifeachtach in éineacht le cuntais déantúsaíochta. Mar an gcéanna, nuair atáthar ag déanamh cuntais roinne, coiscéim measartha éasca atá ann smaoineamh ar cé mhéad a mbeadh ar an ngnólacht ceannach i dtréimhse ar leith dá mbeadh siad ag iarraidh fás díolacháin de, abair, 10% a shásamh agus a bhfardail a thógáil sa chéad tréimhse eile de, abair, 25% (ag glacadh leis go raibh corrlaigh chomhlána le fanacht seasmhach nó le athrú de chéadatán ar leith).

D’fhéadfaí gur mhian le múinteoirí na deiseanna a ghlacadh níos luaithe sa siollabas dearcadh bainistiúil a ghlacadh agus áirimh shimplí chuntasaíochta chostais/bhainistíochta a chur i

láthair roimh ghluaiseacht ar aghaidh go dtí modúl na bainistíochta cuntasaíochta go foirmeálta.

Go deimhin, d'fhéadfaí go bhfuil na coincheapa agus na teicnící atá corpraithe ann beagnach críochnaithe ag cuid acu sula dtagann siad a fhad leis. Cibé ar bith, is cóir gach deis a thapú i rannáin níos luaith den siollabas chun saincheisteanna bainistíochta a thógáil agus chun tabhairt faoi anailís chuí.

Tá gné bhuiséadaithe an rannáin seo nasctha go teann le roinnt réimsí den chuntasaíocht airgeadais, amhail cuntais rialúcháin, cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomhardaithe. Is é an príomhdhifear ná go bhféachann buiséid, atá ina n-arm ríthábhachtach i bpleanáil agus rialúchán, féachann siad leis an gcuma is dócha a bheidh ar thuairiscí airgeadais amach anseo a theilgean, a fhad is gurb é a dhéanann an múnla traidisiúnta cuntasaíochta ná na fíorthorthaí a thaifeadadh. Ina lán cásanna bíonn na fíorthorthaí airgeadais a dtagtar orthu sa ghnáthbhealach ina mbunús le buiséid tréimhse amach anseo.

Is é seo a leanas achoimre ar réimsí staidéir agus ar dhoimhne plé na réimsí seo laistigh den rannán den siollabas.

- Nádúr agus scóp na cuntasaíochta bainistíochta
- An caidreamh idir cuntasaíocht bhainistíochta agus cuntasaíocht airgeadais
- Ról na cuntasaíochta bainistíochta in eagraíocht
- Costais déantúsaíochta agus neamhdhéantúsaíochta
- Costais dhíreacha agus neamhdhíreacha
- Costais táirge agus costais tréimhse
- Costais sheasta agus costais inathraitheacha
- Costais chéimsheasta mheasctha agus costais chéimathraitheacha (**AL amháin**)
- Costais inrialaithe agus costais dhorialaithe (**AL amháin**)
- Costáil táirge
    - ábhair dhíreacha (FIFO amháin le húsáid i gcomhair áirimh)
    - saothar díreach (ar bhunús iarbhír)
    - forchostais mhonarcha
        - leithdháileadh
        - cionroinnt
        - ionsú
        - eolas praiticiúil ar bhoinn uaireanta oibre agus ar uaireanta innill

- anailís costais-méide-brabúis
    - coincheap an chion tairbhe
    - pointe meá ar mheá
    - corrlach sábháilteachta
    - cairteanna meá ar mheá
    - srianta
    - anailís leochaileachta (AL amháin)

      (sa rannán seo níl sé i gceist meascán iltáirge a thástáil)

- Nádúr, cuspóirí agus buntáistí an bhuiséadaithe
- Ról na bainistíochta líne i bhfoirmiú buiséid agus in aithint an phríomhfhactóra buiséid
- Ullmhú an mhaistirbhuiséid agus focheannaigh tacaíochta, saothar díreach, forchostas monarchan, costas neamh-mhonarchan agus buiséid stoic deiridh. Buiséadú airgid thirim. Cuntas brabúis agus caillteanais buiséadaithe agus clár comhardaithe
- Comparáid iarbhír le buiséad
- Buiséadú solúbtha, i ról agus in oibriúchán, agus aithint tionchar costais sheasta agus inathraitheach (**AL amháin**).

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumas ina leanas:

- cuntasaíocht bhainistíochta a shainmhíniú agus a gaol le cuntasaíocht airgeadais a mhíniú
- na cineálacha éagsúla iompraíochta costais is féidir teacht chun cinn in eagraíocht
- pointí meá ar mheá, corrlach cion tairbhe agus corrlach sábháilteachta a ríomhadh, agus cairt mheá ar mheá a tharraingt.
- costas táirge a ríomhadh
- máistirbhuiséad a ullmhú, in éineacht le fobhuiséid
- breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le rialúchán buiséadach in eagraíocht (**AL amháin**)

Déanfar measúnú ar dhaltaí de réir a gcumais ina leanas:


- cuntasaíocht bhainistíochta a shainmhíniú agus a gaol le cuntasaíocht airgeadais a mhíniú
- na cineálacha éagsúla iompraíochta costais is féidir teacht chun cinn in eagraíocht
- pointí meá ar mheá, corrlach cion tairbhe agus corrlach sábháilteachta a ríomhadh, agus cairt mheá ar mheá a tharraingt.
- costas táirge a ríomhadh
- máistirbhuiséad a ullmhú, in éineacht le fobhuiséid

- breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le rialúchán buiséadach in eagraíocht (**AL amháin**)